2024/185

1.2.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 171/2021

an 11 Meitheamh 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/185]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le haistriú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu ([1]), tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/32 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh théarmaíocht chaighdeánaithe an Aontais i ndáil leis an gcuid is mó de sheirbhísí ionadacha atá nasctha le cuntas íocaíochta ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/33 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil leis an bhformáid chaighdeánaithe chun an ráiteas maidir le táillí a chur i láthair agus i ndáil lena shiombail choiteann de réir Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) , arna cheartú le IO L 221, 31.8.2018, lch. 3, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/34 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil leis an bhformáid chaighdeánaithe chun an doiciméad faisnéise maidir le táille a chur i láthair agus i ndáil lena shiombail choiteann de réir Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), arna cheartú le IO L 221, 31.8.2018, lch. 3, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Tá forálacha i dTreoir 2014/92/AE lena rialaítear cearta tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas, lena n-áirítear daoine atá ag lorg tearmainn. Ní cuid de Chomhaontú LEE é an beartas inimirce agus níl feidhm ag an gComhaontú maidir le náisiúnaigh tríú tír.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 16ee (Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1423 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'16f. **32014 L 0092**: Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le haistriú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha na Treorach oiriúnuithe mar a leanas:

(a) D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, maidir leis na téarmaí 'Ballstát/Ballstáit' agus 'údaráis inniúla', tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-údaráis inniúla ar áireamh iontu faoi seach, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Treoir.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 214.
([2]) IO L 6, 11.1.2018, lch. 3.
([3]) IO L 6, 11.1.2018, lch. 26.
([4]) IO L 6, 11.1.2018, lch. 37.

(b) Tagairtí do chumhachtaí ÚBE faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 sa Treoir, tuigfear go dtagraíonn siad, sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 31g den Iarscríbhinn seo agus i gcomhréir leis an bpointe sin, do chumhachtaí Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE.

(c) Na tagairtí do dhlí an Aontais in Airteagail 2(2), 4(2), 5(3), 13(2) agus 21(2), tuigfear go dtagraíonn siad do Chomhaontú LEE.

(d) In Airteagal 3, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

(i) ní bheidh feidhm ag mír 3;

(ii) i mír 5, cuirfear na focail 'Cinneadh Uimh. 171/2021 ó Chomhchoiste LEE an 11 Meitheamh 2021' in ionad 'an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4.'

(e) In Airteagal 15, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ní bheidh feidhm ag na focail 'nó ar bhonn aon fhoras eile dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt'.

(f) In Airteagal 16(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail 'Chomhaontú LEE' in ionad 'na Conarthaí'.

(g) In Airteagal 27(1), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail '18 Meán Fómhair 2022' in ionad '18 Meán Fómhair 2018.'

(h) I bpointí (b) go (d) d'Airteagal 29(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail 'dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 171/2021 ó Chomhchoiste LEE an 11 Meitheamh 2021' in ionad 'teacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 3(4)'.

16fa. **32018 R 0032**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/32 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh théarmaíocht chaighdeánaithe an Aontais i ndáil leis an gcuid is mó de sheirbhísí ionadacha atá nasctha le cuntas íocaíochta (IO L 6, 11.1.2018, lch. 3).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Tarmligthe oiriúnaithe mar a leanas:

Cuirfear an méid seo a leanas leis an Iarscríbhinn:

'AN ÍOSLAINN

Íoslainnis

Téarma	Sainmhíniú
Rekstur reiknings	Reikningsveitandi rekur reikninginn til þess að viðskiptavinur geti haft af honum afnot.
Útvegun debetkorts	Reikningsveitandi útvegar greiðslukort sem tengist reikningi viðskiptavinar. Fjárhæð hverrar færslu sem gerð er með kortinu er tekin beint og að fullu af reikningi viðskiptavinar.
Útvegun kreditkorts	Reikningsveitandi útvegar greiðslukort sem tengist greiðslureikningi viðskiptavinar. Heildarfjárhæð færslu sem gerð er með kortinu á tilteknu samþykktu tímabili er dregin annaðhvort að fullu eða að hluta af greiðslureikningi viðskiptavinar á ákveðnum degi. Það ræðst af lánasamningi milli reikningsveitanda og viðskiptavinar hvort viðskiptavinurinn greiðir vexti fyrir lántökuna.
Yfirdráttur	Reikningsveitandi og viðskiptavinur koma sér saman um það fyrirfram að viðskiptavinur geti fengið lánað fé þegar engin innstæða er eftir inn á reikningnum. Í samkomulaginu er ákveðið hver hámarksfjárhæðin er sem hægt er að taka að láni og hvort gjöld og vextir verða innheimt af viðskiptavininum.
Millifærsla	Reikningsveitandi millifærir peninga samkvæmt fyrirmælum viðskiptavinar af reikningi viðskiptavinar inn á annan reikning.

Reglulegar millifærslur	Reikningsveitandi millifærir reglulega samkvæmt fyrirmælum viðskiptavinar fasta fjárupphæð af reikningi viðskiptavinar inn á annan reikning.
Beingreiðsla	Viðskiptavinur heimilar einhverjum öðrum (viðtakanda) að beina því til reikningsveitanda að millifæra fé af reikningi viðskiptavinar til viðtakandans. Reikningsveitandi millifærir þá fé til viðtakandans á þeim degi eða dögum sem viðskiptavinur og viðtakandi hafa sammælst um. Fjárhæðin getur verið breytileg.
Úttekt reiðufjár	Viðskiptavinur tekur reiðufé út af reikningi sínum.

LICHTINSTÉIN

Gearmáinis

Téarma	Sainmhíniú
Kontoführung	Der Kontoanbieter führt das Konto, das durch den Kunden genutzt wird.
Bereitstellung einer Debitkarte	Der Kontoanbieter stellt eine Zahlungs-karte bereit, die mit dem Konto des Kun-den verbunden ist. Der Betrag jeder Transaktion, welche durch die Verwen-dung der Karte ausgelöst wurde, wird direkt und in voller Höhe dem Konto des Kunden belastet.
Bereitstellung einer Kreditkarte	Der Kontoanbieter stellt eine Zahlungs-karte bereit, die mit dem Konto des Kun-den verbunden ist. Der Gesamtbetrag der Transaktionen, welche durch die Ver-wendung der Karte innerhalb eines ver-einbarten Zeitraums ausgelöst wurde, wird zu einem bestimmten Termin in voller Höhe oder teilweise dem Zah-lungskonto des Kunden belastet. In einer Kreditvereinbarung zwischen dem An-bieter und dem Kunden wird festgelegt, ob dem Kunden für die Inanspruchnahme des Kredits Zinsen berechnet werden.
Eingeräumte Kreditlimite	Der Kontoanbieter und der Kunde ver-einbaren im Voraus, dass der Kunde sein Konto belasten kann, auch wenn kein Guthaben mehr auf dem Konto ist. In der Vereinbarung wird festgelegt, in welcher Höhe maximal das Konto in diesem Fall noch belastet werden kann und ob dem Kunden Entgelte und Zinsen berechnet werden.
Überweisung	Der Kontoanbieter führt auf Anweisung des Kunden Geldüberweisungen von dem Konto des Kunden auf ein anderes Konto durch.
Dauerauftrag	Der Kontoanbieter überweist auf Anwei-sung des Kunden regelmässig einen festen Geldbetrag vom Konto des Kunden auf ein anderes Konto.
Lastschrift	Der Kunde ermächtigt eine andere Person (Empfänger) den Kontoanbieter anzuwei-sen, Geld vom Konto des Kunden auf das Konto des Empfängers zu übertragen. Der Kontoanbieter überträgt dann zu ei-nem oder mehreren von Kunde und Emp-fänger vereinbarten Termin(en) Geld von dem Konto des Kunden auf das Konto des Empfängers. Der Betrag kann unter-schiedlich hoch sein.
Bargeldauszahlung	Der Kunde hebt Bargeld von seinem Konto ab.

AN IORUA

Ioruais

Téarma	Sainmhíniú
Forvaltning av konto	Kontotilbyderen sørger for driften av kontoen som kunden benytter.
Utstedelse av debetkort	Kontotilbyderen utsteder et betalingskort som er knyttet til kundens konto. For hver transaksjon som gjennomføres med kortet, trekkes det fulle beløpet direkte fra kundens konto.
Utstedelse av kredittkort	Kontotilbyderen utsteder et betalingskort som er knyttet til kundens betalingskonto. Det fulle beløpet for de transaksjonene som er gjennomført med kortet gjennom en avtalt periode, trekkes enten helt eller delvis fra kundens betalingskonto på en dato som er avtalt på forhånd. En kredittavtale mellom kontotilbyderen og kunden avgjør om kunden vil bli pålagt renter for denne kreditten.
Kredittmulighet	Kontotilbyderen og kunden inngår på forhånd en avtale om at kunden kan låne penger når det ikke er penger igjen på kontoen. Avtalen fastsetter et maksimumsbeløp som kan lånes, og om kunden vil bli pålagt gebyrer og renter.
Kontobetalinger	På kundens anmodning overfører kontotilbyderen penger fra kundens konto til en annen konto.
Faste betalingsoppdrag	På kundens anmodning overfører kontotilbyderen regelmessig et bestemt beløp fra kundens konto til en annen konto.
Direktebelastning	Kunden tillater at en annen (mottakeren) kan be kontotilbyderen om å overføre penger fra kundens konto til denne mottakeren. Kontotilbyderen overfører deretter penger til mottakeren på den datoen eller de datoene som kunden og mottakeren har avtalt. Beløpet kan variere.
Uttak av kontanter	Kunden tar ut penger fra sin konto.’

16fb. **32018 R 0033**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/33 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil leis an bhformáid chaighdeánaithe chun an ráiteas maidir le táillí a chur i láthair agus i ndáil lena shiombail choiteann de réir Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 6, 11.1.2018, lch. 26), arna cheartú le IO L 221, 31.8.2018, lch. 3.

16fc. **32018 R 0034**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/34 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil leis an bhformáid chaighdeánaithe chun an doiciméad faisnéise maidir le táille a chur i láthair agus i ndáil lena shiombail choiteann de réir Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 6, 11.1.2018, lch. 37), arna cheartú le IO L 221, 31.8.2018, lch. 3.’

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Threoir 2014/92/AE, Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/32 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/33, arna cheartú le IO L 221, 31.8.2018, lch. 3, agus (AE) 2018/34, arna cheartú le IO L 221, 31.8.2018, lch. 3, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 12 Meitheamh 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Meitheamh 2021.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Clara GANSLANDT